



ombudsman
for children : do leanaí



Áiteanna Beaga

Iniúchadh ar Chearta an Linbh sa Saol Laethúil

"Where, after all, do universal human rights begin? In small places, close to home ... Unless these rights have meaning there, they have little meaning anywhere." - Eleanor Roosevelt

A Mhúinteoir, a chara,

Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí tar éis na hábhair seo a fhorbairt chun cabhrú leat iniúchadh a dhéanamh ar chearta agus freagrachtaí leanaí le do chuid daltaí i gcomhthéacs an churaclaim múinteoireachta agus foghlama. Tá na hábhair seo ar an tríú saothar i sraith acmhainní oideachasúla forbartha ag an Oifig agamsa ón mbliain 2007 i leith.

An post agus an fhreagracht reachtúil atá ormsa, mar Ombudsman do Leanaí, ná cearta agus leas leanaí suas go hocht mbliana déag d'aois a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus a chinntiú go ndéantar barr a leasa a chur san áireamh sa dlí, i mbeartais agus i gcleachtais. Iarrtar orm go minic orm cá sainítear cearta an linbh i gceart. Tá dhá phríomhphointe tagartha ann: an Bunrecht, atá mar an phríomh-ionstraim dlí in Éirinn, agus Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, sraith caighdeán de chearta daonna réamhaontaithe idirnáisiúnta do leanaí, daingnithe ag Éirinn sa bhliain 1992.

I measc na n-oibleagáidí reachtúla atá orm, faoi mar atá leagtha amach in Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002, tá feachtas a spreagadh i measc an phobail, le leanaí san áireamh, maidir le hábhair atá bainteach le cearta agus leas an linbh. Déanann Acht 2002 tagairt shainráite don bhonn seo mar gheall ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

Tá sé mar aidhm ag na gníomhartha san acmhainn seo tacú le leanaí naisc a chruthú idir cearta an linbh, faoi mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, agus a saol laethúil sa bhaile, ar scoil agus ina bpobail féin.

Tá súil againn go bhforbróidh leanaí, trí iniúchadh a dhéanamh ar na naisc seo leatsa, lena chéile agus lena dtuismitheoirí/caomhnóirí, a gcuid tuisceana ar conas mar atá cearta an linbh bainteach lena saolta féin agus ar na slite éagsúla inar féidir le raon leathan daoine, lena n-áirítear leanaí iad féin, páirt a ghlacadh i gcosaint ceart leanaí ar bhonn laethúil.

Dearadh na hábhair seo mar shaothar chun bheith ag obair le leanaí ó rang a 3 go 6 ag leibhéal bunscoile. Is féidir leat na gníomhartha a oiriúnú chun riachtanais, inniúlachtaí agus eispéiris na ndaoine óga lena bhfuil tú ag obair a chur san áireamh.

Tuigimid an ról tábhachtach atá ag múinteoirí i saol leanaí. Tá súil againn go dtacóidh na hábhair seo le do chuid oibre agus go bhfaighidh tusa agus na leanaí lena n-oibríonn tú iad oideachasúil agus taitneamhach.

Más mian leat tuilleadh a fháil amach mar gheall ar an OCO agus ár gcuid oibre i gcearta agus leas leanaí atá ina gcónaí in Éirinn a chur chun cinn, téigh chuig ár suíomh gréasáin - www.oco.ie.

Míle buíochas,



Emily Logan
An tOmbudsman do Leanaí

COMHAD FÍRICÍ DO MHÚINTEOIRÍ

Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO)



- Ceapadh Emily Logan mar an chéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn, leis an Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa á ceapadh i mí na Nollag 2003. Sa bhliain 2009, ceapadh í dá dara téarma.
- Bunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) faoi reachtaíocht phríomhúil, Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002. Is é an OCO an eagraíocht neamhspleách um chearta daonna a bhfuil de fhreagracht reachtúil uirthi cearta agus leas leanaí suas go hocht mbliana déag d'aois atá ina gcónaí in Éirinn a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Faoi Acht 2002, tá seo a leanas de cheangal ar an OCO:
 - feasacht a spreagadh i measc an phobail maidir le cearta leanaí, feasacht ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh san áireamh, agus i measc leanaí chomh maith;
 - comhairle a chur ar an Rialtas maidir le haon ábhar a mbeadh baint aige le leanaí;
 - comhlachtaí poiblí a spreagadh chun beartais, cleachtais agus gnáis a fhorbairt a chuirfeadh cearta agus leas leanaí chun cinn;
 - dul i gcomhar le leanaí agus béim a chur ar mhórchéistean a bhaineann lena gcearta agus a leasa agus a bheadh mar ábhair chúraim dóibh;
 - taighde a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le cearta agus leas leanaí;
 - déileáil le gearáin déanta ag leanaí nó thar ceann leanaí mar gheall ar scoileanna, ospidéal agus eagraíochtaí poiblí eile.
- Tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach go díreach don Oireachtas maidir le húsáid a feidhmeanna reachtúla féin.
- Chun tuilleadh eolais a fháil ar obair an OCO, téigh chuig **www.oco.ie**.



ombudsman
for children : do leanaí

COMHAD FÍRICÍ DO MHÚINTEOIRÍ

Bunreacht na hÉireann

- Achtaíodh Bunreacht na hÉireann sa bhliain 1937, agus is é atá mar phríomhionstraim dlí in Éirinn. Leagann sé amach an tslí ar chóir Éire a rialú agus leagann sé amach cearta gach saoránaigh in Éirinn.
- Sainíonn agus cuireann an Bunreacht síos ar phríomhinstitiúidí Stát na hÉireann. Tá an chumhacht an Stát a rialú roinnte ina dtrí chumhacht ar leith, an chumhacht reachtach, an chumhacht feidhmiúcháin agus an chumhacht bhreithiúnach:
 - Tugann an Bunreacht cumhacht reachtach (an chumhacht dlíthe a chruthú, a leasú agus a bhaint) don Oireachtas, atá comhdhéanta de Dháil Éireann, Seanad Éireann agus an tUachtarán.
 - Tá an chumhacht feidhmiúcháin (an chumhacht dlíthe a chur i bhfeidhm) ag an Rialtas, tacaithe ag na gardaí, na fórsaí cosanta agus ag an státseirbhís.
 - Tá an chumhacht bhreithiúnach (an chumhacht léirmhíniú a dhéanamh ar an dlí agus é a chur i bhfeidhm ar choinbhleachtaí idir an Stát agus an duine aonair, chomh maith le coibhleachtaí idir daoine aonair) ag na cúirteanna.
- Leagann an Bunreacht síos na cearta bunúsacha a bhfuil gach saoránach ina dteideal chomh maith. Áirítear, ina measc, an ceart comhionannais os comhair an dlí, ceart maidir le saoirse phearsanta, ceart maidir le saoirse chreidimh, ceart maidir le saoirse tuairimíochta, agus an ceart chun príobháideachta.
- I measc airteagail an Bhunreacht a bhaineann le leanaí tá Airteagail 41 agus 42. Baineann Airteagal 41 leis an teaghlach agus aithníonn sé go bhfuil áit speisialta ag an teaghlach sa tsochaí. Baineann Airteagal 42 den Bhunreacht leis an oideachas. Aithníonn sé an teaghlach mar “an príomh-oideoir ag leanbh” agus sainíonn sé ról an Stáit maidir le hoideachas.
- Más mian leis an Rialtas an Bunreacht a leasú, ní mór dó reifreann a reáchtáil toisc gurb iad saoránaigh na hÉireann amháin ar féidir leo an Bunreacht a athrú. Má tá tromlach na vótaí a caitheadh i reifreann i bhfabhar an athraithe bheartaithe, síníonn Uachtarán na hÉireann an Bille ina bhfuil an leasú beartaithe agus déantar an Bunreacht a leasú dá réir.

COMHAD FÍRICÍ DO MHÚINTEOIRÍ

Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

- Ghlac na Náisiúin Aontaithe le Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNACL) sa bhliain 1989. Tá sé ar an sainmhíniú is cuimsithí go dtí seo de chearta leanaí agus tá sé daingnithe ag beagnach gach aon tír ar domhan. Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún sa bhliain 1992 agus, trí seo a dhéanamh, thug tiomantas faoin dlí idirnáisiúnta aitheantas a thabhairt do na cearta atá leagtha amach ann. Tá dul chun cinn na hÉireann sa mhéid seo faoi mhonatóireacht thréimhsiúil ag grúpa saineolaithe um chearta leanaí darbh ainm Coiste na NA um Chearta an Linbh.
- Aithníonn an CNACL leanaí mar shealbhóirí ceart atá i dteideal cúraim, cúnaimh agus cosanta speisialta de bharr a n-aoise agus a staide forbartha.
- Soiléiríonn Brollach an CNACL gurb é atá i gceist le cearta leanaí a aithint agus a bhaint amach ná:
 - meas a léiriú ar dhínit agus luach bunúsach leanaí; dálaí maireachtála feabhsaithe a chur chun cinn chomh maith le cáilíocht saoil níos fearr do leanaí;
 - cosaint agus tacaíocht a thabhairt don teaghlach mar “bhunghrúpa sa tsochaí” agus mar “an timpeallacht nádúrtha d’fhás agus folláine” leanaí;
 - aithint gur chóir do leanaí “fás aníos le teaghlach in atmaisféar teaghlaigh, sonais, grá agus tuisceana”;
 - tacaíocht a thabhairt do leanaí meas a léiriú ar phrionsabail “síocháin, dínite, caoinfhulaingthe, saoirse, comhionannais agus dlúthpháirtíochta”;
 - a aithint go bhfuil leanaí ar fud an domhain a bhfuil gá acu le cosaint speisialta toisc go bhfuil siad ina gcónaí i ndálaí thar a bheith deacra.
- Leagann an CNACL amach na cearta atá ag leanaí. Cuireann an Coinbhinsiún dearcadh iomlánaíoch de shaolta agus riachtanais leanaí chun cinn; go mba chóir féachaint ar na cearta atá leagtha amach ann mar idirspiléach agus ar leibhéal comhthábhachta.
- Tá ceithre cheart sa CNACL a cheaptar atá riachtanach chun cearta eile an Choinbhinsiúin a bhaint amach. Seo a leanas na “prionsabail ghinearálta” sin:
 - ceart leanaí nach ndéanfaí idirdhealú orthu ar aon chúis (Airteagal 2);
 - ceart leanaí go gcuirfí a leas san áireamh i ngach cinneadh agus gníomh a mbeadh tionchar acu orthu (Airteagal 3);
 - ceart saoil, marthanachta agus forbartha leanaí (Airteagal 6);
 - ceart leanaí a ndearcthaí a chur in iúl ar gach ábhar a mbeadh tionchar aige orthu agus go gcuirfí a ndearcthaí san áireamh, de réir a n-aoiseanna agus a gcuid aibíochta (Airteagal 12).
- Luann an CNACL gurb é an Stát go príomhúil atá freagrach as cearta leanaí a chosaint (Airteagal 4). I measc oibleagáidí an Stáit sa bhonn seo, caithfidh an Stát meas a léiriú ar chearta tuismitheoirí agus tacú le tuismitheoirí a ról agus a bhfreagrachtaí dá leanaí a chomhlíonadh.
- Trí shainmhíniú a thabhairt ar chearta leanaí, aithníonn an CNACL cearta daoine eile. Tagraíonn an Coinbhinsiún chomh maith do na freagrachtaí atá ar leanaí iad féin, de réir a gcuid inniúlachtaí athraitheacha, bheith páirteach i meas a léiriú ar a gcearta féin agus ar chearta daoine eile. Mar shampla, luann Airteagal 13 den CNACL go mba chóir go mbeadh meas ar chearta agus clú daoine eile áirithe i saoirse tuairimíochta leanaí.

Ceartha Leanaí ar Scoil

Cuspóir:

- Chun tacaíocht a thabhairt do leanaí naisc a chruthú idir ceartha leanaí éagsúla agus rudaí a d'fhéadfadh tarlú i rith lae scoile agus, trí sin a dhéanamh, feasacht daltaí a fhorbairt ar an raon leathan ceart leanaí a bhféadfadh scoileanna bheith páirteach ina gcur chun cinn agus ina gcosaint.

Na rudaí a bheidh de dhíth ort:

- Cóip de na híomhánna agus cóip den liosta ceart leanaí do gach grúpa leanaí.

Céimeanna:

- Ag brath ar aon obair atá déanta agat cheana féin le do rang ar chearta agus freagrachtaí leanaí, seans gur mhian leat tosú ar an ngníomhaíocht seo trí Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNACL) a thaispeáint/a thaispeáint an athuair do na leanaí. Féadann an Comhad Fíricí atá ar fáil tacú leat an méid seo a dhéanamh.
- Scar na leanaí ina ngrúpaí beaga.
- Tabhair cóip den bhileog íomhánna do gach grúpa leanaí chomh maith le cóip den liosta ceart leanaí.
- Iarr ar na leanaí obair a dhéanamh lena chéile ceart amháin a aithint a bhaineann le gach ceann de na híomhánna agus a gcuid freagraí a scríobh sa spás faoi bhun gach íomhá. Féadann siad na ceartha éagsúla atá aitheanta acu a sheiceáil ach tic a chur orthu ar an liosta ceart faoi mar a théann siad chun cinn.
- Tabhair na daltaí ar ais le chéile arís agus tabhair an deis do gach grúpa roinnt de na naisc atá déanta acu a roinnt leis an gcuid eile den rang. Ós rud é go bhféadfadh go mbeadh roinnt de na híomhánna nasctha le níos mó ná ceart amháin ar an liosta, seiceáil an bhfuil éagsúlacht idir na grúpaí maidir leis an gceart atá nasctha acu le híomhá ar leith.
- Éascaigh plé leantach leis an rang:
 - Cé chomh cosúil is atá na gníomhartha ar a ndéantar léiriú sna híomhánna le rudaí a tharlaíonn ina scoil féin?
 - Ag smaoineamh faoina saol laethúil féin ar scoil, an bhfuil aon chearta eile a d'fhéadfadh bheith ábhartha? Má tá, céard iad na ceartha seo agus conas mar atá siad ábhartha?
 - Céard agus cé a chabhródh i gcinntiú go dtabharfaí meas ar chearta gach linbh sa scoil? (D'fhéadfadh go mbeadh rialacha scoile i gceist; cruinnithe (e.g. comhairle scoile nó cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí); agus ócáidí speisialta (e.g. ócáid bhliantúil chun éagsúlacht a cheiliúradh);
 - An féidir leo samplaí a thabhairt de chearta leanaí ar féidir leo siúd tacaíocht a thabhairt i gcinntiú go léireofaí meas orthu do leanaí sa rang/scoil? (I measc na samplaí seans go mbeadh an ceart atá ag leanaí oideachas a fháil (e.g. an deis a thabhairt dá chéile foghlaim sa rang) agus ceartha leanaí bheith ag súgradh (e.g. ag cinntiú go gcuimsítear gach aon duine ag am sosa).

Ceartha Leanaí ar Scoil

Bileog an Mhúinteora



oideachas



scíth agus áineas




eolas



ainm



do chuid smaointe
féin a bheith agat



bia folláin



bheith slán ó
dhíobháil



do chuid ceart agus
freagrachtaí a thuiscint




dearcthaí a chur in iúl



meas ar do theanga
agus ar do chultúr

Ceartha Leanaí ar Scoil



Ceartha Leanaí ar Scoil

Leagann Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh na cearta éagsúla amach atá ag gach leanbh atá níos óige ná 18 mbliana d'aois. Seo liosta de roinnt de na cearta sin:

- bia folláin ☐
- cúram sláinte ☐
- náisiúntacht ☐
- príobháideacht ☐
- oideachas ☐
- faisnéis ☐
- daoine ag smaoineamh ar an rud is fearr do leanaí ☐
- ainm ☐
- scíth agus súgradh ☐
- bheith slán ☐
- meas ar do theanga agus do chultúr ☐
- baile a bheith agat ☐
- éadaí ☐
- guth a bheith agat ☐
- teaghlach agus cúram ☐
- do chuid ceart agus freagrachtaí a thuiscint ☐

Ceartha Leanaí sa Phobal

Cuspóir:

- Chun a éascú do leanaí smaoineamh faoi na daoine éagsúla atá ina gcónaí agus atá ag obair le pobail áitiúla leanaí a d'fhéadfadh bheith páirteach i gcosaint ceart leanaí agus chun an ról atá acu i meas a léiriú ar chearta leanaí a phlé

Na rudaí a bheidh de dhíth ort:

- Cóip de liosta na ngníomhartha agus cóip den bhileog eochairfhocal do gach grúpa leanaí

Céimeanna:

- Mura bhfuil sé déanta agat cheana féin, seans gur mhian leat tosú leis an ngníomh seo trí Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh a thaispeáint (aththaispeáint) do na leanaí. Féadann an Comhad Fíricí atá ar fáil tacú leat sa mhéid seo.
- Scar na leanaí ina ngrúpaí beaga.
- Tabhair cóip den bhileog gníomhartha agus den bhileog eochairfhocal do gach grúpa. Más gá, téigh trí bhileog na n-eochairfhocal leis na leanaí chun a chinntiú go dtuigeann siad na focail éagsúla.
- Iarr ar na leanaí obair le chéile agus úsáid a bhaint as bileog na n-eochairfhocal chun gach ceann de na habairtí ar an mbileog ghníomhartha a chomhlánú trí:
 1. ceart leanaí amháin a aithint ar ar féidir le gach duine luaite meas a léiriú tríd a bpoist nó a ról;
 2. eochairfhocal amháin a aithint a chabhródh leis an duine cur síos ar an tslí is féidir leis an duine meas a léiriú ar an gceist ábhartha tríd a bpost nó a ról.

Roimh thosú dóibh, soiléirigh seo a leanas do na leanaí:

- go mba chóir dóibh seachaint gan an ceart nó an t-eochairfhocal céanna a úsáid chomh fada agus is féidir;
 - nár chóir dóibh a bhrath teoranta in úsáid na n-eochairfhocal atá ar an mbileog;
 - gur chóir dóibh an tsraith fholamh ag bun na bileoige a úsáid chun duine amháin eile a aithint atá ina chónaí agus/nó atá ag obair ina bpobail áitiúla féin agus a bhfuil ról acu i meas a léiriú ar chearta daoine óga.
- Tabhair ar ais le chéile na leanaí agus iarr aiseolas ó gach grúpa. Iarr ar na leanaí míniú a thabhairt ar na naisc atá déanta acu le cabhair shamplaí.
 - Ar an glcár, déan nóta de mholtaí na leanaí mar gheall ar dhaoine ina bpobail áitiúla atá bainteach le meas a léiriú ar chearta leanaí.
 - Téigh ar aghaidh ansin le plé ranga:
 - An bhfuil ionadh ar na leanaí maidir leis an oiread daoine éagsúla a d'fhéadfadh bheith páirteach i gcosaint ceart leanaí tríd a ról /a bpost?
 - Ar smaoineadh siad riamh mar gheall ar na daoine seo ar an mbealach seo cheana?
 - Ag cur eochairfhocal úsáidte le linn an ghnímh seo san áireamh (e.g. 'cúram', cabhair'), conas ar mhaith leo go gcaithfeadh daoine le leanaí chun go mbraithfeadh leanaí go bhfuil meas á léiriú ar a gcearta?
 - Cad a cheapann siad gur féidir le leanaí a dhéanamh chun a chinntiú go mbraithfeadh daoine eile atá ina gcónaí sa phobal áitiúil acu go bhfuil meas á léiriú ar a gcuid ceart daonna?

Ceartha Leanaí sa Phobal

Bileog an Mhúinteora

De bhreis ar theaghlaigh leanaí, tá an-chuid daoine éagsúla ina gcónaí agus ag obair le pobail leanaí a d'fhéadfadh bheith páirteach i meas a léiriú ar chearta leanaí, agus iad a chosaint.



dochtúir

Féadann dochtúir tacú le leanaí a gceart a bhaint amach trí **chúram sláinte a chur ar fáil**.



fear an phoist

Féadann fear an phoist tacú le leanaí a gceart a bhaint amach trí **chuidiú leo teacht ar eolas**.



garda

Féadann garda tacú le leanaí a gceart a bhaint amach trí **chabhrú leo bheith slán**.




siopadóir

Féadann siopadóir tacú le leanaí a gceart a bhaint amach trí **bhia folláin a chur ar fáil**.



cairde

Féadann cairde tacú le leanaí a gceart a bhaint amach trí **bheith ag súgradh leo**.



múinteoir

Féadann múinteoir tacú le leanaí a gceart a bhaint amach trí **oideachas a chur ar fáil**.



bailitheoir bruscair

Féadann bailitheoir bruscair tacú le leanaí a gceart a bhaint amach trí **chuidiú leo bheith slán**.

Cearta Leanaí sa Phobal

De bhreis ar theaghlaigh leanaí, tá an-chuid daoine éagsúla ina gcónaí agus ag obair le pobail leanaí a d'fhéadfadh bheith páirteach i meas a léiriú ar chearta leanaí, agus iad a chosaint.



dochtúir

Féadann dochtúir tacú le leanaí a gceart a bhaint amach

trí _____



fear an phoist

Féadann fear an phoist tacú le leanaí a gceart a bhaint amach

trí _____



garda

Féadann garda tacú le leanaí a gceart a bhaint amach

trí _____.



siopadóir

Féadann siopadóir tacú le leanaí a gceart a bhaint amach


trí _____.



cairde

Féadann cairde tacú le leanaí a gceart a bhaint amach

trí _____.



múinteoir

Féadann múinteoir tacú le leanaí a gceart a bhaint amach

trí _____.



bailitheoir bruscair

Féadann bailitheoir bruscair tacú le leanaí a gceart a bhaint amach

trí _____.



Céim 1: Roghnaigh ceart

Faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, tá seo a leanas de cheart ag leanaí agus daoine óga suas go haois a 18 ...

- | | |
|--|---|
| ☐ go gcaithfear go cothrom agus go cóir leo | ☐ go n-éistfear leo |
| ☐ cúram sláinte a fháil | ☐ súgradh |
| ☐ baile a bheith acu | ☐ a gcultúr agus teanga féin a bheith acu |
| ☐ éadaí a fháil | ☐ maireachtáil agus forbairt |
| ☐ iad féin a chur in iúl | ☐ náisiúntacht bheith acu |
| ☐ bia folláin a fháil | ☐ bheith slán |
| ☐ teacht ar eolas | ☐ oideachas a fháil |
| ☐ cúram a fháil | ☐ príobháideacht a fháil |
| ☐ ainm a bheith acu | ☐ a gcuid ceart agus freagrachtaí féin a thuiscint |
| ☐ go mbeadh daoine ag smaoineamh ar an rud is fearr do leanaí | |

Céim 2: Roghnaigh Briathar

- | | |
|--|--|
| ☐ tacaigh | ☐ cumhdaigh |
| ☐ spreag | ☐ léirigh meas ar |
| ☐ cosain | ☐ bí cóir le |
| ☐ cabhraigh le | ☐ cuidigh le |
| ☐ tabhair aire do | ☐ tabhair cúnamh |
| ☐ cuir le | ☐ bí ag |
| ☐ cuir luach ar | ☐ labhair le |
| ☐ éist le | ☐ cuir ar fáil |

Ceistneoir ar Chearta Leanaí

Cuspóir:

- Tacú le leanaí bheith ag caint mar gheall ar chearta leanaí lena dtuismitheoirí/caomhnóirí chun a gcuid feasachta a fhorbairt maidir leis an ról ríthábhachtach atá ag tuismitheoirí/caomhnóirí i gcosaint chearta leanaí ar bhonn laethúil.

Na rudaí a bheidh de dhíth ort:

- Cóip den litir do thuismitheoirí/caomhnóirí ón Ombudsman do Leanaí agus cóip amháin den cheistneoir ar chearta leanaí do gach leanbh.

Céimeanna:

- Tabhair cóip den litir do thuismitheoirí/caomhnóirí ón Ombudsman do Leanaí do gach duine óg chomh maith le cóip amháin den cheistneoir ar chearta leanaí.
- Iarr ar an leanbh seo a leanas a dhéanamh mar obair bhaile:
 - a) an litir a thabhairt dá dtuismitheoir/caomhnóir arna léamh;
 - b) an ceistneoir ar chearta leanaí a chomhlánú lena dtuismitheoir/caomhnóir.
- Mínigh don leanbh go mba chóir dóibh a gceistneoirí comhlánaithe a thabhairt ar ais chuig an rang.
- Ionas go mbeidh na leanaí eolach ar ábhar na litreach roimh thógáil abhaile dóibh í, seans go bhféadfá í a léamh os comhair an ranga nó iarraidh ar líon áirithe leanaí í a léamh agus roinnt ceisteanna ábhartha a chur orthu.

Leanúint leis sa rang:

- Éascaigh plé a thabharfadh tacaíocht do na leanaí a gcuid torthaí a roinnt lena chéile:
 - An raibh a dtuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go raibh siad bainteach i gcosaint an-chuid ceart ag leanaí?
 - Cad é, dar leis na tuismitheoirí/caomhnóirí an ceart is tábhachtaí agus cén fáth sin?
 - Céard é bunús ‘chearta leanaí’, dar leis na tuismitheoirí/caomhnóirí?
- Cabhraigh leis na leanaí obair a dhéanamh le chéile chun a gcuid torthaí óna gceistneoirí a chomhordú agus taispeántas físe a chruthú de na torthaí céanna. Mar shampla, d’fhéadfadh na leanaí graif a tharraingt le dearcthaí a dtuismitheoirí/caomhnóirí a léiriú maidir leis na cearta is tábhachtaí dóibh ó thaobh cosaint chearta leanaí de nó póstaer a chruthú bunaithe ar na heochairfhocail a d’úsáid a dtuismitheoirí/caomhnóirí chun a mhíniú céard a cheapann siad is bunús do ‘chearta leanaí’.
- Más féidir, seol na torthaí comhordaithe chuig Oifig an Ombudsman do Leanaí de na ceistneoirí ar chomhlánaigh na leanaí lena dtuismitheoirí/caomhnóirí. Tá bileog aiseolais ar fáil chun tacú leo seo a dhéanamh. Thairis sin, féadann tú do chuid aiseolais a sheoladh chugainn ag oco@oco.ie (‘Ceistneoir ar Chearta Leanaí - Aiseolas’ sa líne ábhair).

Ceistneoir ar Chearta Leanaí

Aiseolas chuig an OCO

Bheadh an-spéis ag an Ombudsman do Leanaí cloisteáil mar gheall ar thorthaí an cheistneora a rinne na daltaí a chomhlánú lena dtuismitheoirí/caomhnóirí. Féadann tú an bhileog seo a úsáid chun achoimre a dhéanamh ar thorthaí do ranga. Seol do bhileog chuig an seoladh seo a leanas, le do thoil: Oifig an Ombudsman do Leanaí, Urlár 1, Millennium House, Bóthar na Trá Móire, Baile Átha Cliath 1.

1. Iarradh ar thuismitheoirí/caomhnóirí an raibh siad ar an eolas go raibh siadsan ag cosaint chearta leanaí:

● Líon na dtuismitheoirí/caomhnóirí a d'fhreagair 'Tá'

● Líon na dtuismitheoirí/caomhnóirí a d'fhreagair 'Níl'

2. Iarradh ar thuismitheoirí/caomhnóirí machnamh a dhéanamh ar na cearta leanaí éagsúla dá bhfuil siad ag tabhairt cosanta agus a rá ceart iad na trí cheart is mó tábhachta, dar leo. Inis dúinn na cúig cheart is mó a d'ainmnigh dtuismitheoirí/caomhnóirí in ord minicíochta (áit gurb é 1 an ceann is minice):

1. Ceart an linbh
2. Ceart an linbh
3. Ceart an linbh
4. Ceart an linbh
5. Ceart an linbh

3. Iarradh ar thuismitheoirí/caomhnóirí cérbh é bunús 'chearta leanaí' dar leo siúd. Achoimrigh a gcuid dearchtaí le do thoil trí úsáid a bhaint as roinnt eochairfhocal ('ag léiriú measa', 'ag cosaint', 'cúram', 'cabhrú'):

.....

.....

.....

.....

.....

Ainm na scoile:

Ainm an mhúinteora:

Sonraí teagmhála na scoile:

Rang (e.g. 'Rang a 5'):

Dáta:

A Thuismitheoir/a Chaomhnóir, a chara,

Táim ag scríobh chugat toisc go bhfuil do leanbh ag foghlaim faoi chearta agus freagrachtaí an linbh ar scoil trí ábhair acmhainne forbartha ag Oifig an Ombudsman do Leanaí. Tá na hábhair seo ar an tríd ceann de shraith acmhainní oideachasúla forbartha ag m'Oifig ó 2007 i leith.

An post agamsa, mar Ombudsman do Leanaí, agus an fhreagracht reachtúil atá orm ná cearta agus leas gach linbh suas go haois a 18 a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Agus an post seo ar siúl agam, táim neamhspleách ar rialtas; is í an tUachtarán a bhí a cheap mé agus tuairiscím don Oireachtas.

Cuid den phost atá agam, mar Ombudsman do Leanaí, ná feasacht ar chearta an linbh a chur chun cinn, i measc leanaí agus daoine óga chomh maith. Iarrann daoine go minic orm conas mar a shainítear cearta leanaí. Tá dhá phríomh-fhoinse taighde maidir le cearta leanaí in Éirinn: An Bunreacht, atá mar phríomhionstraim dlí in Éirinn, agus Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, sraith caighdeán comhaontaithe cearta daonna do leanaí a dhaingnigh Éire i 1992.

Tá cruthú tuisceana maidir lena bhfuil i gceist do leanaí cearta a bheith acu, agus céard iad na cearta céanna, mar pháirt riachtanach dár gcuid oibre a chinntiú go léirítear meas ar leanaí, go ndéileáiltear go cóir leo agus go mbraitheann siad a gchearta agus iad ag fás aníos.

Féadann an Oifig agamsa glacadh le gearáin maidir leis an tslí a chuireann an Stát seirbhísí ar fáil do leanaí. Tríd an gcóras imscrúdaithe, feicimid an tslí inar féidir le heaspa feasachta ar chearta leanaí droch-thionchar a bheith aige ar shaoilta na leanaí agus a dteaghlaigh. Tuigimid ó thaithí, maidir le cinntí ar féidir go raibh tionchar mór acu ar shaoilta leanaí, nach raibh siad stiúrtha ag barr leasa leanaí uaireanta. Thugamar faoi deara nach dtugtar an deis do leanaí a gcuid dearchtaí a chur in iúl uaireanta nuair atá na cinntí seo á ndéanamh. Agus táimid tar éis teacht ar rialacha a bhí curtha i bhfeidhm ar shlí nach raibh ag díriú ar bharr leasa an linbh nó an teaghlaigh.

Tuigimid gurb iad a dtuismitheoirí na tacadóirí is mó do chearta a leanaí. Is iad tuismitheoirí a chuir isteach formhór den 6000 gearán atá láimhsithe againn go dtí seo thar ceann a leanaí. Trí seo agus obair eile a bhíonn ar siúl againn, tuigimid chomh maith na slí éagsúla a thugann tuismitheoirí, teaghlaigh agus gairmithe ar fud na tíre cosaint do chearta leanaí gach lá, i gcúinsí fíor-dheacra uaireanta. Ag smaoineamh ar an rud is fearr don leanbh; ag obair le daoine chun riachtanais bhunúsacha leanaí a sholáthar; ag cosaint leanaí ó dhíobháil; ag tabhairt cúraim do leanaí nuair atá siad breoite; ag tacú le leanaí bheith ag foghlaim; ag spreagadh leanaí labhairt faoin mbealach a mhothaíonn siad agus éisteacht lena bhfuil le rá acu; ag léiriú measa ar dhínit an linbh agus ag cothú a dtréithe féin-mheasa. Sin iad na cineálacha rudaí a thugann ciall don téarma cearta leanaí do leanaí iad féin faoi mar a théann siad i mbun a saolta laethúla.

Táimid tar éis iarraidh ar mhúinteoir do linbh ceistneoir a scaipeadh ar leanaí an ranga arna líonadh isteach ar shroicheadh baile dóibh. Bheimis fíor-bhuíoch dá bhféadfá an ceistneoir seo a líonadh isteach le do leanbh.

Más mian leat tuilleadh a fháil amach mar gheall ar obair ár nOifige nó má tá aon cheist agat, téigh chuig ár suíomh gréasáin www.oco.ie, seol rphost chugainn ag oco@oco.ie nó glaoigh orainn ar 01-8656800.

Míle buíochas,



Emily Logan
An tOmbudsman do Leanaí



súgradh
agus scíth



bheith slán



cách éagsúil,
cách
comhionann



teach



éadaí



guth a
bheith ogat



tú féin a chur
in iúl



do chuid ceart agus
freagrachtaí a
thuiscint

Ceistneoir ar Chearta Leanaí

Féach le do thoil, in éineacht le do thuismitheoir nó caomhnóir, ar na cearta leanaí éagsúla ó Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh atá le feiceáil ar an mbileog seo. Nuair atá seo déanta agat, cuir na ceisteanna seo ar do thuismitheoir nó caomhnóir agus scríobh síos a bhfuil ráite acu:

1. An bhfuil tú ar an eolas go bhfuil an-chuid ceart leanaí á gcosaint agat?

- Tá
- Níl

2. As na cearta dá bhfuil cosaint á thabhairt agat, cad iad na 3 cheart a cheapann tú atá ag an leibhéal tábhachta is mó, agus cén fáth sin?

1.

toisc

2.

toisc

3.

toisc

3. Mar thuismitheoir nó caomhnóir, céard a cheapann tú is bunús do 'chearta leanaí'?

.....

.....

Síniú an Tuismitheora/Caomhnóra:



bia



cúram sláinte



náisiúntacht



teaghlach
agus cúram



oideachas



teacht ar
eolas



an rud
is fearr do
leanaí a
dhéanamh



ainm

Oifig an Ombudsman do Leanaí
Urlár 1
Millennium House
52-56 Sráid na Trá Móire
Baile Átha Cliath 1

Teileafón: 01-8656800
Rphost: oco@oco.ie
Gréasán: www.oco.ie

